AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

Chuig: Údaráis Bhainistíochta Mheánscoileanna, Phobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha Aitheanta, Scoileanna Speisialta agus Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna

Acmhainní don tSraith Sóisearach (Am Gairmiúil agus Deontas Riaracháin)

Imlitir 0029/2017

1. Am Gairmiúil na Sraithe Sóisearaí

Ba chóir an Imlitir seo a léamh i gcomhar le hImlitir 15/2017 – Socruithe do Chur i bhFeidhm an Chreata don tSraith Shóisearach le tagairt faoi leith do na scoilbhlianta 2017/18 agus 2018/19.

Aithnítear sa Chreat don tSraith Shóisearach 2015 go dteastaíonn am gairmiúil ó mhúinteoirí chun a bheith páirteach i raon gníomhaíochtaí comhoibríocha gairmiúla, chun tacú le cur i bhfeidhm na Sraithe Sóisearaí. Áireofar mar chuid den am sin comhoibriú le comhghleacaithe teagaisc, chun tacú le teagasc, le foghlaim agus le measúnú.

Cuideoidh an t-am sin le múinteoirí a bheidh gafa, de réir mar is gá, le raon gníomhaíochtaí gairmiúla agus comhoibríocha, agus is iad sin:

1. Gníomhaíochtaí gairmiúla scoile uile chun tacú leis an tsraith shóisearach
2. Gníomhaíochtaí gairmiúla an mhúinteora aonair agus ranna ábhar, lena n-áirítear gníomhaíochtaí a bhaineann le measúnú foirmitheach, le haiseolas, le tuairisciú agus le hionchuir atá tiomsaithe do Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS)
3. Freastal ar chruinnithe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair
4. Ullmhúchán do chruinnithe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair agus maoirseacht a dhéanamh ar na torthaí
5. An riarachán ar Thascanna Measúnachta sna seomraí ranga.

2. Socruithe do 2017/18 agus 2018/19

Ó Mheán Fómhair 2017 ar aghaidh, sna réimsí ábhair uile, beidh múinteoirí lánaimseartha atá páirteach i seachadadh na Sraithe Sóisearaí i dteideal leithdháileadh bliantúil 22 uair an chloig d'am gairmiúil (40 nóiméad in aghaidh na seachtaine) a fháil, le teidlíocht pro-rata do

mhúinteoirí páirtaimseartha (mar atá leagtha amach in Aguisín 2 le hImlitir 15/2017). Tá sé seo faoi réir ag comhoibriú iomlán múinteora le gnéithe uile an Chreata don tSraith Shóisearach 2015. Ní mór do scoileanna a chinntiú go leithdháiltear am gairmiúil ar na múinteoirí uile atá páirteach i seachadadh na Sraithe Sóisearaí agus atá ag comhoibriú go hiomlán le gnéithe uile an Chreata don tSraith Shóisearach.

Ar dtús, cuireadh leithdháileadh de 550 post breise de choibhéis lánaimseartha ar fáil do scoileanna chun tacú le ham gairmiúil a sholáthar. Agus tuilleadh measúnaithe déanta ar na riachtanais chun tacú le soláthar an ama ghairmiúil ag leibhéal an scoile, tá leithdháileadh iomlán na bpost breise ardaithe ó 550 go 670 post. Dá bhrí sin, gheobhaidh na scoileanna uile fógra go luath maidir le leithdháileadh leasaithe múinteoirí don tSraith Shóisearach don scoilbhliain 2017/18.

Níl leithdháileadh iomlán na bpost don am gairmiúil ceaptha le clúdach a dhéanamh do líon iomlán na n-uaireanta is ionann le 40 nóiméad d'am gairmiúil a thabhairt do na múinteoirí lánaimseartha uile (le leithdháiltí pro-rata do mhúinteoirí páirtaimseartha). Ba chóir do bhainistíocht scoile a soláthar iomlán d'uaireanta teagaisc (lena n-áirítear na poist bhreise atá leithdháilte don am gairmiúil, mar atá leagtha amach thuas) ar bhealach a chinnteoidh gur féidir leis na múinteoirí uile atá páirteach is seachadadh na Sraithe Sóisearaí agus atá ag comhoibriú go hiomlán le gnéithe uile an Chreata don tSraith Shóisearach, leas a bhaint as am gairmiúil.

I gcomhréir le comhaontú na bliana 2015, ba chóir an teidlíocht ama gairmiúil do mhúinteoirí a sholáthar in amchláir ó Mheán Fómhair 2017. Is fearr an cur chuige seo a chur i bhfeidhm d'fhonn méid iomlána an ama teagmhála do scoláirí a chosaint. Aithnítear, áfach, i gcúinsí ar leith, sa chás nár dearbhaíodh comhoibriú iomlán múinteoirí le gach gné den Chreat don tSraith Shóisearach i ndiaidh chur i gcrích na n-amchlár do Mheán Fómhair 2017, go mb'fhéidir go mbeidh gá le socruithe áitiúla eile chun an teidlíocht ama gairmiúil a sholáthar sa scoilbhliain 2017/18. Beidh gá le tuilleadh plé leis na páirtithe ábhartha maidir leis na roghanna praiticiúla a bheidh i gceist sna cúinsí sin.

3. Acmhainní riaracháin do scoileanna chun sonraí PGSS a ionchur ar PPOD

Gheobhaidh scoláirí a chríochnaigh a Sraith Shóisearach i Meitheamh 2017 taifead ar a ngnóthachtálacha foghlama ar Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS) le linn na scoilbhliana 2017/18. Tabharfaidh an PGSS tuairisc ar ghnóthachtáil scoláire thar raon de réimsí foghlama sa tSraith Shóisearach, lena n-áirítear: Measúnaithe Rangbhunaithe (MRBanna) sa Bhéarla agus gearrchúrsaí; Aonaid Tosaíochta Foghlama (ATFanna) más cuí; agus na Scrúduithe Deiridh Stát-Theistithe a bhíonn á riar ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit (an Tasc Measúnachta sa Bhéarla san áireamh). Leis an PGSS freisin, is féidir tuairisciú a dhéanamh ar raon de réimsí foghlama eile.

Tuairisceoidh iar-bhunscoileanna aitheanta an tuairisceoir a bronnadh i dtaca le Measúnaithe Rangbhunaithe (MRBanna) (in ábhair agus gearrchúrsaí), chomh maith le gnóthachtálacha in Aonaid Tosaíochta Foghlama (ATFanna) (más cuí), dá scoláirí ar an mBunachar Sonraí Ar Líne d'Iar-Bhunscoileanna (PPOD) de chuid na Roinne. Ag céim níos déanaí sa phróiseas, déanfar an PGSS páirt-chríochnaithe, ina bhfuil an t-eolas atá taifeadta ar an PPOD, chomh maith le torthaí na Scrúduithe Deiridh Stát-Theistithe, a chur ar fáil go leictreonach do

scoileanna, a chláróidh sonraí gnóthachtálacha ansin sa roinn 'Réimsí Foghlama Eile' maidir le gach scoláire. Ansin soláthróidh na scoileanna na PGSSanna comhlánaithe chuig a scoláirí agus tuismitheoirí/caomhnóirí.

Toisc go bhfuil forbairt agus athrú á dhéanamh ar an teicneolaíocht chun tacú le hiontráil sonraí agus táirgeadh PGSS, aithnítear go bhfuil riachtanas ar leith ann do scoileanna i dtaca le hiontráil do 2017/18. Mar aitheantas air seo, tá sé beartaithe deontas riaracháin aon uaire a íoc le scoileanna chun tacú leis seo in 2017. Eiseofar tuilleadh sonraí faoin ábhar seo go luath.

Déanfar próiseas na hiontrála sonraí a bheachtú agus a chuíchóiriú sna blianta amach anseo agus é ar intinn nach ndéanfaí sonraí a bhaineann le gnóthachtáil scoláirí a iontráil isteach ach aon uair amháin. Beidh ionchur na sonraí seo ina chuid lárnach de ról na múinteoirí aonair mar chuid dá leithdháileadh ama gairmiúil sa todhchaí.

Ba chóir a nótáil go bhfuil an deontas riaracháin aon uaire de bhreis ar na huaireanta acmhainne bainistíochta a leagtar amach in Imlitir 15/2017.

Táthar buíoch as comhoibriú na scoileanna i dtaca leis na cúrsaí thuasluaite.

Ba chóir fiosruithe maidir leis an ábhar seo a sheoladh chuig
JuniorCycleResource@education.gov.ie

An tAonad um Beartas Curaclaim agus Measúnachta

Meitheamh 2017